An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

# Sábháilteacht Feirme le linn Breith Uain

In ainneoin go bhfuil rioscaí gortaithe ó chaoirigh níos ísle ná rioscaí gortaithe ó bheostoc, d'fhéadfadh na rioscaí don tsláinte a bheith níos mó go háirithe le neamhoird mhatánchnámharlaigh agus le tolgadh galar zónóiseach. Seo na fachtóirí móra riosca a bhaineann le pian droma agus neamhoird mhatánchnámharlaigh i measc ball den phobal feirmeoireachta a liostaíonn An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; ualaí móra a thógáil, staidiúir amscaí, ualaí a thógáil le cur suas nó ar leibhéal na talún, gluaiseachtaí athchleachtacha agus drochleagan amach ar an ionad oibre. Is féidir le han-chuid de na fachtóirí seo a bheith i láthair ar fheirmeacha caorach go háirithe le linn am breithe uan.

**Tá sé tábhachtach bealaí a lorg chun na rioscaí seo a laghdú trína chinntiú go bhfuil an obair dea-phleanáilte agus dea-eagraithe.**

## Saoráidí breithe caorach

Is féidir le caoirigh breith laistigh nó lasmuigh ach sa dá chás tá sé tábhachtach go bhfuil saoráidí cuí ar fáil chun a chinntiú gur féidir gníomhaíochtaí a phleanáil, a bhainistiú agus a rialú go héasca.

## Breith lasmuigh

Tá fálúchán agus trealamh láimhsithe caorach maith den riachtanas agus breith ar siúl lasmuigh. Beidh geataí agus locadh caorach sa pháirc nó chun caolbhealaí isteach sa bhothán a sholáthar ina gcabhair chun le caoirigh a scaradh a bhfuil cuidiú de dhíth orthu le linn breith uain.

## Breith laistigh

Is féidir caoirigh a choinneáil i mbotháin shaintógtha nó i bhfoirgnimh feirme atá ann cheana. Ní mór do na foirgnimh seo a bheith fónta ó thaobh struchtúir de agus suite in áit oiriúnach. Beidh foroinnt ar an mbothán le locadh ina cabhair chun grúpaí a chruthú atá níos éasca a bhainistiú. Ba chóir na cróite breithe uain a bheidh suite ina aice leis na cróite grúpa.

## Soilsiú

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil soilsiú maith sna botháin agus sna caolbhealaí ar fad. Ní mór do leictreoir cáilithe an soilsiú agus an sreangú sa chlós a sheiceáil go rialta. Ba chóir soilse neamhlonracha nó laga a athrú.

## Ceamaraí breithe uain

Is féidir le ceamaraí breithe uain a bheith ina gcabhair úsáideach chun rioscaí a laghdú a bhaineann le breith uain, ionas gur féidir monatóireacht chianda a dhéanamh agus an t-ualach oibre agus an tuirse a bhaineann leis á éascú. Is féidir le ceamaraí cabhrú le nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíocht nádúrtha na breithe.

## Strus ainmhí a laghdú ag am breithe lao

Is féidir madraí nó páistí in aice láimhe cur as go héasca d'ainmhithe atá ag breith nó atá ag ullmhú chun breithe nó is féidir leo strus a chur orthu. Mar sin, coinnigh páistí agus madraí amach ó na cróite breith uain ag an am seo.

## Caoirigh thorracha a láimhsiú

Béarfaidh an chuid is mó de chaoirigh astu féin agus iad réidh. Tá bail cheart choirp, cothú agus spás leordhóthanach ag an mbacainn bhia, ina gcabhair chun an gá atá le cúnamh le linn breith uain a laghdú. Mar sin féin, beidh roinnt breitheanna deacra ann i gcónaí agus beidh idirghabháil ag teastáil i gcásanna áirithe. Cinntigh go bhfuil geataí ar fáil chun breith ar an gcaora ar bhealach nach bhfuil strusmhar.

Fachtóir riosca coitianta le linn breith uain is ea láimhsiú, mar sin má tá cabhair ann chun an chaora a choinneáil sa suíomh ceart, laghdófar an riosca go ndéanfar an droim a lúbadh nó a chasadh agus ar an mbealach sin déanfar gortú féideartha do dhroim an láimhseora a chosc.



# Sábháilteacht Feirme le linn breith uain



## Galair Zónóiseacha
## Galrú Tocsaplasmóise a chosc

- Pléigh rialú tocsaplasmóise le do thréidlia.
- Foinse galraithe ar an bhfeirm is ea salachar cait ó chait óga. Má dhéantar cait feirme atá ann cheana a neodrú, beidh sé ina chabhair maidir leis an riosca galraithe a laghdú, mar beidh pobal cat aosta ann mar thoradh. Coinneoidh na cait neodraithe aosta cait fáin amach agus seachnóidh siad piscíní. Go hidéalach, ba chóir do gach stóras bia a bheith díonta ar chait. Mar sin féin, is féidir salachar cait ar fhéar, sadhlas nó ar easair a bheith ina chúis le galrú.
- Tá vacsaín ar fáil. De ghnáth, tugann instealladh amháin cosaint ar feadh an tsaoil. Go ginearálta, ní gá ach ainmhithe nua a vacsaíniú.

## Mná Torracha le linn breith uain

D'fhéadfadh mná torracha atá i ndlúth-theagmháil le caoirigh le linn breith uain nó le hainmhithe eile le linn breithe a sláinte féin agus sláinte a leanaí sa bhroinn a chur i mbaol ó na galair a d'fhéadfadh a bheith ar na hainmhithe sin.

Tá sé tábhachtach go bhfuil mná torracha ar an eolas faoi na rioscaí féideartha agus go ndéanann siad réamhchúraimí cuí a ghlacadh.

Ba chóir do mhná torracha comhairle leighis a lorg ar an toirt má tá airíonna orthu atá cosúil le fiabhras nó fliú, nó má tá siad buartha gur féidir go bhfuil galar tolgtha acu ó thimpeallacht na feirme.

Chun an baol tolgtha galair in am breithe uain a sheachaint, ba chóir do mhná torracha cuimhneamh ar an gcomhairle seo a leanas:

- Seachain dlúth-theagmháil le caoirigh atá ar tí breithe.
- Coinnigh amach ó uain ainbheirthe nó nuabheirthe, nó ón mbroghais, ó shreabháin bhreithe nó ó ábhar easrach atá éillithe ag na táirgí breithe sin.
- Ná déan éadaí, buataisí nó aon ábhar eile a theagmháil ná a láimhseáil, ar féidir gur theagmhaigh siad le caoirigh atá díreach i ndiaidh uain a bhreith, nó le huain nó le broghaiseanna. Beidh sé sábháilte aon éadaí a d'fhéadfadh a bheith éillithe a láimhseáil i ndiaidh iad a ní i gciogal te.
- Ba chóir do mhná torracha a chinntiú go nglacann a bpáirtithe nó teagmhálaithe eile, a d'fhreastail ar chaoirigh le linn breith uain, réamhchúraimí sláinte agus sláinteachais chuí, lena n-áirítear trealamh agus éadaí cosanta pearsanta a chaitheamh, agus iad féin a ní go sásúil chun aon éilliú féideartha a bhaint.

Ní bhaineann na rioscaí seo le caoirigh amháin, agus níl siad teoranta d'am breithe uain an Earraigh ach an oiread. Is féidir galair den chineál céanna a bheith ar eallach agus gabhair freisin i ndiaidh dóibh breith.

Tá freagracht ar fheirmeoirí na rioscaí seo do mhná torracha a laghdú, lena n-áirítear baill dá gclann, den phobal agus foireann phroifisiúnta a thugann cuairt ar fheirmeacha.

Tá tuilleadh faisnéise faoi Rioscaí Sábháilteachta Feirme agus réamhchúraimí ar fáil sa *Chód Cleachtais chun Gortú agus Drochshláinte Cheirde a Chosc sa Talmhaíocht arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.*

Tá ábhar úsáideach eile a bhaineann leis an réimse seo foilsithe ag Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta na Ríochta Aontaithe dar teideal *Bileog Faisnéise 2 an HSE - Zónóisí Coitianta i dTalmhaíocht.*

Chun tuilleadh faisnéise a fháil:
Féach **www.hsa.ie/farmsafety**

BeSMART.ie

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority